

# POBAL CHRÍOST RÍ

## GORT A' CHOIRCE

An tAth. Donnchadh Ó Baoill  
(086) 603 1749 / (074) 91 35214  
tpcr1906@gmail.com

4ú Eanáir 2026

[www.pobalchriostri.ie](http://www.pobalchriostri.ie) / [www.mcn.live](http://www.mcn.live)

### AIFRINN NA SEACHTAINE

**03.01** Satharn 11 r.n.

**An Chéad Satharn - Faoistin 10.15-11.00. Comaoineach. Paidrín.**

**15 bomaite ag machnamh ar Rún Diamhair an Chreidimh**

Pádraig Ó Dugáin, An Fál Carrach (Cuimh Míosa)

**03.01** Satharn 7 i.n.

John & Eileen Mhic Géidigh, Machaire Rabhartaigh

**04.01** Domhnach 9 r.n.

**04.01** Domhnach 11 r.n.

Miley Ó Canainn, An Ardaí Bheag Uachtarach

**05.01** Luan 7 i.n. **Bigil na hEipeafáine**

Nelius Coyle, An Ardaí Bheag

**06.01** Máirt 11 r.n. ( Athrú ama ) **Eipeafáine ár dTiarna**

**07.01** Céadaoin 7 i.n.

**08.01** Déardaoin 7 i.n.

Nellie Carr, An Caiseal

**09.01** Aoine 7 i.n. **Ní bheidh aifreann**

**10.01** Satharn 11 r.n.

John Ghráinne & Antoin óg Penrose

**10.01** Satharn 7 i.n.

Mamie Mc Lean, An Bhealtaine (Cuimh Míosa)

**11.01** Domhnach 9 r.n.

**11.01.** Domhnach 11 r.n.

Kathleen Murray, Leitir Ceanainn

### BÁS LE GAIRID

An tSiúr Nóra McGonigle(Nóra Jack) An Ailt/Glaschú

### CUIMHNEACHÁIN BÁIS

Agnes & Mickey Mhánaí Ó Dónaill, An Bhealtaine

### THE IRISH CATHOLIC

- Ar fáil ag cíul Theach a' Phobail achan tseachtain.
- Cuir €3.00 sa bhocsa bhán - tá siad ardaithe i bpraghais.

### AN PAIDRÍN/BEANNACHT NA NAOMHSHACRAIMINTE

Dé Domhnaigh 7.00 i.n.

### CUMANN N. UINSIONN DE PÓL – larrataisí ar chuidiú chuig:

087 1965933.

### CRUINNÍU AIRGID Tógadh €2,950. an tseachtain s'chuaign thart.

Buiochas don phobal.

### ADHRADH NA NAOMHSHACRAIMINTE - Dé Máirt 10.30 r.n - 7.00 i.n.

### PAIDRÍN (CHAPLET) THRÓCAIRE DÉ - Dé Máirt 7.00 i.n.

### PAIDRÍN NA NAOMHSHACRAIMINTE Dé Domhnaigh 7.00 i.n

### DÁTAÍ DON DIALANN

25.04.26 - Cóineartú

23.05.26 - An Chéad Chomaoineach

### Medjugorje 31.03.2026

31ú Márta 7 n-oíche le linn na Cásca 2026 - €899 Tuilleadh eolais ó Bhernie ar 087 935 3953

### AN DARA DOMHNACH TAR ÉIS NA NOLLAG

#### AN CHÉAD LÉACHT

Sliocht as leabhar Sirach.

24:1-4, 8-12.

Tá an Eagna á moladh féin,

ag déanamh mórtais i measc a muintire.

I bpobal an Té is Airde osclaíonn sí a béal, bheireann sí glórí dí féin i láthair an uilechumhachtaigh.

Tháinig mé as béal an Té is Airde, agus chlúdaigh mé an domhan mar a bheadh ceo ann.

Bhí mo champa agam sna sléibhte

agus mo chathaoir ríoga sna néalta.

Ansin thug Cruthaitheoir an uile ní ordú domh agus cheap an té a chruthaigh mé áit chónaithe domh.

Dúirt sé liom: 'Déan cónaí i lácób, cuir fút in Isráél.'

I bhfad ó shin, roimh thús an domhain, chruthaigh sé mé, agus beidh mé ann go brách na breithe.

Rinne mé freastal ina láthair ag an Tabarnacal, agus fríd sin ghlac mé seilbh ar Chnoc Síon.

Sa chathair naofa, tá faoiseamh tugtha aige domh, agus as larúsailéim atá mo chumhacht ag dul amach.

Tá mo fhréamhacha curtha agam i bpobal ársa, i gcuid an Tiarna de réir oidhreachta.

**Briathar an Tiarna. FR. Buiochas do Dhia.**

#### FREAGRA AN tSAILM:

Rinneadh feoil den Bhriathar

agus chónaigh sé inár measc.

#### AN DARA LÉACHT

Sliocht as litir Naomh Pól chuig na hEifísigh.

**1:3-6, 15-18.**

Moladh le Dia, Athair ár dTiarna Íosa Críost, a bhronn orainn i gCríost, gach beannacht spioradálta ó na flaithis. Roimh thús an domhain thoigh sé sinn i gCríost, le bheith naofa gan locht os a chomhair.

As ucht a ghrá dúinn leag sé amach ó thús de réir a thola féin sinne a bheith inár gclann aige trí Íosa Críost, i dtreo go molaimid é, as an ngrásta as cuimse a roinn sé orainn go fial ina Mhac ionúin. Ón uair a chuala mé iomrá ar an chreideamh atá agaibhse sa Tiarna Íosa agus ar an ghrá atá agaibh don phobal naofa uilig, níor stad mé ag gabháil buiochais le Dia ar bhur son, ag cuimhneamh oraibh i m'urnaithe agus á impí ar Athair na glóire, ar Dhia Ár dTiarna Íosa Críost, spiorad na heagna agus na tuisceana a bhronnadh oraibh chun go gcuirfeadh sibh eolas air go cruinn.

Go bfosclaí sé súile na heagna daoibh chun go dtuigfeadh sibh cad é mar údar dóchais atá sa ghairm a fuair sibh ó Dhia; cad é mar shaibhreas atá le fáil mar oidhreacht ghlórmhar uaidh ag a phobal naofa.

**Briathar an Tiarna.**

**FR. Buiochas do Dhia.**

## ALLELUIA

Alleuia, alleluia!

Glór duit, a Chríost; fógraíodh thú do na ciníocha.

Glór duit, a Chríost; chreid an saol mór ionat. **Alleluia!**

## SOISCÉAL

Tús an tSoiscéil naofa de réir Naomh Eoin.

### 1:1-14.

I dtús báire bhí an Briathar ann, bhí an Briathar le Dia agus ba Dhia an Briathar.

Bhí sé le Dia i dtús báire.

Is fríd a rinneadh gach uile ní

agus gan é ní dhearnadh aon ní dá ndearnadh.

Bhí an bheatha ann agus ba é solas na ndaoine an bheatha, solas ag soilsíú sa dorchadas, ach níor ghabh an dorchadas é.

Bhí fear a tháinig ina theachtaire ó Dhia agus Eoin ab ainm dó. Tháinig sé ag déanamh fianaise, le fianaise a thabhairt i dtaobh an tsolais sa dóigh a gcreidfeadh achan duine fríd. Níorbh é féin an solas ach tháinig ag tabhairt fianaise i dtaobh an tsolais.

Ba é an Briathar an solas fíor a shoilsíonn gach duine; bhí sé ag teacht ar an saol.

Bhí sé ar an tsaol a tháinig óna láimh féin  
ach níor aithin an saol é.

Tháinig sé chun a sheilbhe féin ach níor ghlac a mhuintir féin leis.

Ach iad sin a ghlac leis thug sé ceart daofa bheith ina gclann Dé,

daofa sin uilig a chreideas in ainm an té,  
nach ó stoc daonna a rugadh, ná de bhrod colainne,  
ná de thoil daonna, ach ó Dhia féin.

Rinneadh feoil den Bhriathar,  
chónaigh sé inár measc, agus chonaiceamar a ghlór,  
a ghlór mar Aonghin ón Athair,  
lán de ghrásta agus d'fhírinne.

### Soiscéal an Tiarna.

**FR. Moladh duit, a Chríost.**

**FÓGRAÍ DON NUACHTLITIR** Duine ar bith ar mhaith leo fógra a chur sa nuachtlitir, thig leo a bhfógra a chur chuig tpcr1906@gmail.com roimh an cúig a chlog Dé Céadaoine.

### Rúndiamhair an Chreidimh

Gach uair a ithimid an t-arán seo  
agus a ólaimid an chailís seo,  
fógraímid do bhás, a Thiarna, nó go dtaga tú.

## HALLA NA PARÓISTE

Jeighbheáil le James Luan 8.00-9.30i.n. *Tosaitheoirí*  
8.00-8.30i.n.

Ranganna Comhaltas (Ceol uirlise traidisiúnta) Luan  
5.00-8.00i.n.

Bollaí(bowls) Dé Domhnaigh & Dé Máirt 7-12

Traenáil Circuits Luan agus Céadaoin 6.30 i.n.- 7.30 i.n.

Slimming World Déardaoin 7.30 r.n. - 9.00 r.n.

Banna Ceoil Déardaoin 6.30 i.n. -8.30

**TACAÍOCHT / COMHAIRLEOIREACHT** Má tá tacaíocht de dhíth ort féin nó ar dhuine ineacht ar d'eolas maidir le cosaint pháistí nó le mí-úsáid pháistí i gcás dhuine de lucht oibre na hEaglaise téigh i dteagmháil leis an Phearsa Chúraim Thréadaigh - (OLP) Seirbhís Cosaint Pháistí Ráth Bhoth. Margaret Northage 086 2183011

**MÁITHREACHA BREITHE** Tá eolas agus tacaíocht ar fáil do mháithreacha a raibh a bpáistí uchtaithe (adopted) ar [www.birthinfo.ie](http://www.birthinfo.ie) ná ag TUSLA ar +353 818 445 500.

**TACAÍOCHT AR FÁIL** An bhfuil tú ag iompar clainne agus ar mhaith leat tacaíocht? Thig linn measúnaithe toirchis, scrúdú toirchis, ultrafhuaime a chur ar fail ná tacaíocht a thabhairt i ndiaidh ginmhilleadh. Tuilleadh eolais: (089) 246 9599

**Narcotics Anonymous** 087 4045030 / 00447810172991

**AA (Alcoholics Anonymous)** 087 6273596

**AL ANON** 018732699. [info@al-anon-ireland.or](mailto:info@al-anon-ireland.or)

## CLÉIRIGH

Dé Sathairn 03/01 @ 7.00: Jenna & Kayla Nic Phionnlaoich  
Dé Domhnaigh 04/01 @ 9.00: Cathal, Peadar, Caitríona Ní hArlaigh

Dé Domhnaigh 04/01 @ 11.00: Lucia, Marianna, Patrick Ryder & Elena Nic Aoidh

Dé Sathairn 10/01 @ 7.00: Brídann Ní Ghallachóir

Dé Domhnaigh 11/01 @ 9.00: Iarla, Naoise agus Paddy Ó Ceallaigh

Dé Domhnaigh 11/01 @ 11.00: Orlaith Beatty & Ciara Ní Fhearráí

## LÉITHEOIRÍ - Eanáir

Dé Sathairn 7 [i.n. Brí](#)dín Ní Ghallachóir

Dé Domhnaigh 9 r.n. Hannah Ní Fhríl

Dé Domhnaigh 11 r.n. Síle Ní Bhiataigh

## MINISTRÍ EOCAIRISTEACHA -Eanáir

Dé Sathairn 7 i.n. Graceann Ní Bhrádaigh & Mícheál ó Gallchóir

Dé Domhnaigh 9 r.n. Nóirín Nic Gearailt & Mícheál Mac Géidigh

Dé Domhnaigh 11 r.n. Annette Nic Pól & Sinead Nic Phionnlaoich

## IONAD POBAIL MHACHAIRE RABHARTAIGH

### Dé Máirt

Club Spóirt & Spraoi (Naí. Bheaga - R2) @5.00-6.15i.n.

Páistí Cois Mara (Rangannaí 3-6) @6.30 - 8.00i.n.

Club Óige Chríost Rí (Déagóiri) @ 8.15-10.00i.n.

### Dé Céadaoine

Mná Phort Mhaise @10r.n.

### Déardaoin

Aeróbaice Cathaoir @ 11r.n.

Bhain Kathleen Gallagher, Burtonport €165 ar an 50/50,  
comhghairdeachas. Tarraingt achan Déardaoin @7.00i.n. Tuilleadh eolais ar Facebook ná ar 0749135556/083076924

## BUÍON CHEOIL (SÓISEAR)

Lotto:Níor imigh an póta óir! Comhghairdeachas le Michelle Coyle a bhain €100.B'iad 1-3-8-10-15-16 na huimhreacha. Póta óir anois: €3,400